# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2009**

**GAEILGE – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR 1**
**(100 marc)**

**DÉARDAOIN, 4 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.45 go dtí 4.15**

## ROINN I – SCRÍOBH NA TEANGA [70 marc]

**Ceist 1.** Freagair do rogha **ceann amháin** de **A, B, C, D** anseo thíos. **(50 marc)**
(**Ní gá níos mó ná leathanach go leith a scríobh**.)

**A. AISTE**

Scríobh aiste ar do rogha **ceann amháin** de na hábhair seo:

(i) Mo cheantar féin.
(ii) An tábhacht a bhaineann le caitheamh aimsire i saol an duine.
(iii) An post ba mhaith liom amach anseo.

**B. SCÉAL / EACHTRA**

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:

(i) Ceap scéal a mbeadh an giota seo thíos oiriúnach mar **thús** leis:

‘Níor shíl mé go dtiocfadh sé/sí ach ansin chuala mé ...’

(ii) Déan cur síos ar eachtra a tharla nuair a bhí tú féin agus do chara amuigh i lár stoirme.

**C. DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID**

Maidir le do rogha **ceann amháin** de na rúin seo, scríobh an chaint a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son *nó* in aghaidh an rúin sin:

(i) ‘Is crá croí é an fón póca.’

(ii) ‘Áit ghránna í Éire go déanach san oíche ag an deireadh seachtaine.’

**D. ALT** (do nuachtán *nó* d'iris)

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:

(i) Bhí seó faisin i do scoil féin chun airgead a bhailiú do chúis charthanachta. Iarradh ort alt a scríobh d’iris na scoile faoi. Scríobh **an t-alt** a chuirfeá chuig eagarthóir iris na scoile.

(ii) Bhí tú ag ceolchoirm mhór le déanaí. Iarradh ort léirmheas a scríobh ar an gceolchoirm do nuachtán áitiúil. Scríobh **an t-alt** a chuirfeá chuig an eagarthóir faoin ábhar sin.

**Ceist 2.** Freagair **A** *nó* **B** anseo. **(Ní gá níos mó ná leathleathanach a scríobh.)** **(20 marc)**

**A.** Ba mhaith leat dathanna difriúla a chur i do chuid gruaige ach níl do thuismitheoirí róthógtha leis mar smaoineamh. Scríobh **an comhrá** a bheadh idir tusa agus duine de do thuismitheoirí mar gheall air seo.

**B.** Chuir tú agallamh ar aisteoir cáiliúil faoina s(h)aol mar aisteoir. Rinne tú taifeadadh ar an agallamh i gcomhair iris na scoile. Scríobh an **t-agallamh** a bhí ar an taifeadán agat.

## ROINN II – LÉAMHTHUISCINT (SLIOCHT LEANÚNACH) [30 marc]

Léigh an píosa iriseoireachta seo (bunaithe ar ailt éagsúla) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. [*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.*]


### Amach Anseo

**1.** Táimid fiosrach, fíorfhiosrach, faoi gach gné den domhan. Músclaíonn an fhiosracht an fonn taistil ionainn, féachaint cad é an saol atá ann lasmuigh dár saol féin. Is beag áit ar aghaidh an domhain nach bhfuil eolas againn faoi anois mar gur thug taistealaí éigin nó taiscéalaí éigin cuairt uirthi. Smaoinímid ar Bhreandán, an loingseoir, ar Cholambas, an taiscéalaí, agus ar Darwin, an t-eolaí agus an taighdeoir, gan ach triúr a lua.

**2.** Le breis agus caoga bliain anuas, tá ár bhfiosracht dírithe ar phláinéid eile an Ghrianchórais. Cuimhneofar go deo ar 20 Iúil 1969, an lá ar leag Neil Armstrong a chos ar an ngealach. Ó shin i leith is iomaí spásmhisean a eagraíodh agus is iomaí taiscéalaí meicniúil a thuirling ar cheann de na pláinéid.

**3.** I mí Lúnasa 2007, lainseáladh an *Phoenix Mars Mission.* Bhí sé mar aidhm ag an misean seo staidéar a dhéanamh ar chré reoite Mhars. Chaith an taiscéalaí meicniúil tamall fada ag tochailt tríd an gcré reoite, ag roghnú samplaí den chré agus ag déanamh anailíse orthu.

**4.** Ceann de na ceisteanna móra atá le freagairt fós ná an bhfuil beatha, nó bunriachtanais na beatha fiú, ar aon phláinéad eile taobh amuigh den domhan seo? Tá eolaithe NASA dóchasach go bhfuil bunriachtanais na beatha aimsithe acu i gcré reoite Mhars. Ceapann na heolaithe go bhfuil uisce ar fáil ann go domhain sa chré reoite agus go bhfuil an chré féin maith go leor le plandaí agus barraí a fhás.



**An taiscéalaí meicniúil, ag tuirlingt ar Mhars.**

**5.** D'oibrigh an taiscéalaí meicniúil seacht lá na seachtaine, é ag cur pictiúr ar ais agus ag bailiú eolais gan stad. Cruthaíonn gach pictiúr agus gach píosa eolais, domhan úr. Ní haon ionadh é go bhfuil sceitimíní áthais ar mhuintir NASA. Mar a dúirt an té a dúirt é 'táimid thar an ngealach le gliondar'.

### Ceisteanna (iad ar cómharc)

**(i)** (a) 'Is beag áit ar aghaidh an domhain nach bhfuil eolas againn faoi anois.' Cén fáth? (**Alt 1**)
(b) Ainmnigh an **t-eolaí** cáiliúil atá luaite in **alt 1.**

**(ii)** (a) Cad a tharla ar an 20 Iúil 1969? (**Alt 2**)
(b) Cén aidhm a bhí ag an *Phoenix Mars Mission*? (**Alt 3**)

**(iii)** (a) 'D'oibrigh an taiscéalaí meicniúil seacht lá na seachtaine.' Luaigh **trí rud** a rinne sé. (**Alt 3 & 5**)
(b) Cén cheist mhór atá le freagairt fós, dar le húdar an phíosa? (**Alt 4**)

**(iv)** Cén fhianaise atá ann go bhfuil bunriachtanais na beatha ar Mhars? Luaigh **dhá phointe**. (**Alt 4**)

**(v)** Cén fáth a bhfuil sceitimíní áthais ar mhuintir NASA? (**Alt 5**)

DON SCRÚDAITHEOIR

SCRÚDUIMHIR ☞ [ ]   Iomlán na Marcanna [ ]

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2009

## GAEILGE (ARDLEIBHÉAL)

## CLUASTUISCINT (100 marc)

**DÉARDAOIN, 4 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 2.30**

| DON SCRÚDAITHEOIR | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CUID | A | | | B | | | C | | | D | | | |
| CEIST | 1 | 2 | 3 | 1 | 2 | 3 | 1 | 2 | 3 | 1 | 2 | 3 | IOMLÁN |
| MARC | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | GAEILGE → | | | |
| | | | | | | | | | | Iomlán na Marcanna → | | | |

STAMPA AN IONAID



THALL →

**N.B. NÍ MÓR NA FREAGRAÍ AR FAD A SCRÍOBH AS GAEILGE. (100 marc)**

## CUID A

Cloisfidh tú giota cainte ó gach duine de *thriúr* daoine óga sa chuid seo. Cloisfidh tú gach giota díobh ***trí huaire***. Beidh sos tar éis gach casaidh chun deis a thabhairt duit na ceisteanna a bhaineann le gach giota cainte a fhreagairt. Éist go cúramach leis na giotaí cainte agus líon isteach an t-eolas atá á lorg sna greillí ag **1, 2** agus **3** thíos.

**1. AN CHÉAD CHAINTEOIR**

| | |
|---|---|
| Ainm | *Peadar de Búrca* |
| Cá bhfuil Peadar ina chónaí? | |
| Cén post atá aige? | |
| Conas a théann sé ag obair? | |
| Cad a dhéanann Peadar ag am lóin? | |
| Cén caitheamh aimsire atá aige? | |

**2. AN DARA CAINTEOIR**

| | |
|---|---|
| Ainm | *Áine Ní Mhurchú* |
| Cad as d'Áine? | |
| Breac síos **dhá** phointe eolais i dtaobh a tuismitheoirí. | (i) |
| | (ii) |
| Cad iad an **dá** chluiche a thaitníonn le hÁine? | (i) |
| | (ii) |

**3. AN TRÍÚ CAINTEOIR**

| | |
|---|---|
| Ainm | *Seán Ó Mainnín* |
| Cár rugadh máthair Sheáin? | |
| Cad a dhéanann Seán agus a athair le chéile uaireanta? | |
| Luaigh pointe eolais **amháin** eile faoi mhuintir Sheáin. | |
| Cén post ba mhaith le Seán amach anseo? | |

## CUID B

Cloisfidh tú *trí* fhógra sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh ***faoi dhó***. Beidh sos tar éis gach casaidh chun deis a thabhairt duit na ceisteanna a bhaineann le gach fógra a fhreagairt.
Éist go cúramach leis na fógraí agus freagair na ceisteanna a ghabhann leo.

### FÓGRA A hAON

**1.** Cad atá le teacht go Cill Airne?

______________________________

**2.** Conas a mhothaíonn Muiris Ó Súilleabháin faoin monarcha nua?

______________________________

**3.** Cén fáth a bhfuil lucht turasóireachta buartha faoin monarcha nua?

______________________________

### FÓGRA A DÓ

**1.** Cén áit a bhfuil an bád canála ar díol?

______________________________

**2.** Cé mhéad a chosnóidh sé an bád canála a dheisiú?

______________________________

**3.** Tá spéis ag Comhairle Bhaile Cheatharlach an bád canála a cheannach. Cén fáth?

______________________________

### FÓGRA A TRÍ

**1.** Cén eachtra a tharla i mBéal an Átha Tanaí a bhfuil na Gardaí ag lorg eolais faoi?

______________________________

**2.** Cén comórtas atá luaite sa phíosa?

______________________________

**3.** Cé a ghoid na boscaí bláthanna, dar leis na Gardaí?

______________________________



**THALL →**

## CUID C

Cloisfidh tú *trí cinn* de chomhráite sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh ***trí huaire***. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú é ina **dhá mhír**. Beidh sos tar éis gach míre díobh chun deis a thabhairt duit an cheist a bhaineann leis an mír sin a fhreagairt. Ina dhiaidh sin cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh arís.

### COMHRÁ A hAON

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén fáth ar maith le Dónall an seomra?

___

***An Dara Mír***

**2.** Luaigh pointe **amháin** eolais faoi dheirfiúr Dhónaill.

___

**3.** Cén clár teilifíse a luaitear sa phíosa?

___

### COMHRÁ A DÓ

***An Chéad Mhír***

**1.** Cá raibh Siobhán ar a laethanta saoire?

___

**2.** Conas a bhí an bia san ionad saoire?

___

***An Dara Mír***

**3.** Cé a bheidh ag teacht go hÉirinn go luath?

___

### COMHRÁ A TRÍ

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén dea-scéal a bhí ag Deirdre?

___

***An Dara Mír***

**2.** Cén fáth nach gceannaíonn Séamas ticéad don Chrannchur Náisiúnta?

___

**3.** Cén chomhairle a chuireann Séamas ar Dheirdre?

___

# CUID D

Cloisfidh tú *trí cinn* de phíosaí ón raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh ***faoi dhó***.
Éist go cúramach leo agus freagair na ceisteanna a ghabhann le gach píosa díobh.

## PÍOSA A hAON

**1.** Cá dtógfar Iarbhunscoil Eoin?

___

**2.** Luaigh rud **amháin** eile faoi Iarbhunscoil Eoin.

___

## PÍOSA A DÓ

**1.** Cén spás codlata atá sa teach saoire?

___

**2.** Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann leis an áit ina bhfuil an teach saoire suite.

___

## PÍOSA A TRÍ

**1.** Cá mbeidh Jimmy Crowley ag canadh tráthnóna Dé hAoine?

___

**2.** Luaigh pointe **amháin** eolais faoi na ticéid.

___

Leathanach Bán

Leathanach Bán

**Leathanach Bán**